# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála**

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i)

**(a) Trí phointe (12+12+11)**

Rinne Pagodonas, ginearál na Téibhe, óráid os comhair na mBéóitiach chun iad a spreagadh chun troid in aghaidh na hAithneach. Sa chath, d'éirigh le muintir na Téibhe an namhaid a bhrú siar, ach theip ar an gcliathán eile. Ghníomhaigh Pagodonas go cinntitheach agus go rathúil nuair a sheol sé an marcra chun tacú leo agus chuidigh a dteacht ansin le bua a fháil ar an arm Aithneach agus iad a ruaigeadh.

(35)

**(b) Dealramh ex 15**

Thóg na Béóitiaigh inneall a dhírigh tine ar na daingnithe adhmaid agus a scrios iad. Gabháil an daingin a bhí mar thoradh air seo.

(15)

(ii)

**(a) Dhá phointe (13+12)**

Dúirt na toscairí Corantacha go raibh siad buartha go raibh a gcoilíneacht, Potidaea, faoi léigear ag an Aithin. Bhí roinnt saoránaigh Chorantacha istigh ann. Tá fearg orthu freisin gur thóg an Aithin Coircíora uathu. Cuireann siad an milleán ar na Spartaigh a lig don mhéid seo tarlú, agus deir siad gur chóir dóibh stop a chur le hionsaitheacht na nAithneach sula raibh sé ródhéanach. I gcodarsnacht leis seo, gníomhaíonn na hAithnigh go tapa agus baineann siad a lán amach. Cuireann siad in iúl gurb é ról na Spartach saoirse na stát eile a chosaint in aghaidh na hAithne.
(25)

**(b) Dhá phointe (13+12)**

Rinne na hAithnigh iarracht bac a chur ar na Spartaigh ionas nach n-aontóidís leis na Corantaigh. Dúirt siad nach dtabharfaidís freagra ar na cúisimh neamhghnácha a chuir na Corantaigh ina leith. Deir siad go bhfuil an méid a bhain siad amach réasúnta agus meabhraíonn siad do na Spartaigh gur chuir siad gach rud i mbaol i gCogadh na bPeirseach. Cuireann siad in iúl gur throid siad ina n-aonar ag Maratón, gur sholáthraigh siad an chuid is mó de na longa don bhua cabhlaigh ag Salamis agus an príomhcheannasaí – Teimisticléas.

Deir siad gur fhág siad a maoin ina ndiaidh fiú. Maíonn siad go bhfuil aon impireacht a fuair siad dlite acu mar gheall ar an ról tábhachtach a bhí acu nuair a cuireadh an ruaig ar na Peirsigh. Éilítear le slándáil, onóir agus féinleas go gcoimeádtar an impireacht. Tá sé nádúrtha go mbeadh daoine laga faoi rialú daoine láidre agus ar a laghad déanann an Aithin é sin go cothrom. Deir siad go bhfuil seans ann go raibh an Aithin róchineálta lena comhghuaillithe. Spreagann siad na Spartaigh chun cuimhnigh ar chomh taghdach is atá cogadh agus nach n-éireodh leo, seans. Iarrann siad orthu aon díospóid a shocrú le headráin.
(25)

(iii)

**(a) Dhá phointe (15+15)**

Seoladh litir Nicias ar ais go dtí an Aithin ar fhaitíos go n-athródh teachtairí a chuid focal. Leag sé amach an staid reatha sa tSicil, an dóigh ar bhuaigh siad in aghaidh Gylippus, rí Sparta ar dtús, ach ansin go raibh drong ní ba líonmhaire ina n-aghaidh agus go raibh orthu cúlú taobh thiar de dhaingean, faoi léigear ag an namhaid. 'D'iarr an namhaid ar níos mó trúpaí agus, níos measa fós, longa chun troid inár gcoinne ar muir. Níl ár gcabhlach i ndea-chaoi ós rud é go raibh siad ar muir chomh fada sin chun ár líne soláthair a chosaint. Chuaigh meanma na dtrúpaí chun donais agus tá roinnt ag tosú ag tréigean. Níl aon fhoinse athsholáthairtí againn. Mar sin, athghlaoigh orainn nó seol amach fórsa mór cabhlaigh agus míleata le neart airgid agus ginearál nua chun dul i m'ionad mar táim tinn. Ní mór é seo a dhéanamh faoin earrach nó beidh sé ródhéanach.'
(30)

**(b) Dhá phointe (10+10)**

Dhiúltaigh na hAithnigh ceannas Nicias a bhaint de. Chuir siad dhá shluaíocht amach, ceann amháin faoi stiúradh Eurymedon a d'fhág láithreach agus ceann eile ní ba mhó faoi Dhéamastainéas. Chuir na hAithnigh 20 long amach ar patról freisin ar na huiscí idir an tSicil agus dúiche Pheilipinéiseach chun bac a chur os comhair aon bhaill athneartacha ón gCoraint.

(20)

(iv) **Dhá phointe suntais ar a laghad ar gach pearsa (25, 25)**

Ba é Gylippus an ginearál Spartach dána a seoladh ann chun cuidiú le Sioracús in aghaidh an fhórsa Aithnigh faoi Nicias in 414 R.Ch. Bhí níos mó tionscnaíochta ann ná mar a bhí i Nicias agus bhrúigh sé na hAithnigh siar go suíomh cosantach agus bhí siad faoi ionsaí gan stad ansin. Tháinig baill athneartacha chuige agus faoi dheireadh bhain sé an bua amach in aghaidh baill athneartacha Aithneacha faoi Dhéamastainéas sa tSicil.

Ba é Agis an ginearál ag Mantinea nuair a thuil sé an talamh agus cuireadh faoi deara do na hAithnigh a suíomh buntáisteach a fhágáil. Bhuaigh sé an cath do na Spartaigh anseo. Bhí daingniú Decelea ar cheann de na róil ba thábhachtaí a bhí aige.

Ba é Peiricléas an ceannaire Aithneach faoinar thosaigh Cogadh na Peilipinéis. Bhí an-mheas ag Thucydides air. Tá Óráid Sochraide Pheiricléas ar cheann de na míreanna is fearr ina Stair, nuair a thug sé óráid iontach ag déanamh achoimre ar na cúiseanna uile ar chóir do na hAithnigh a bheith bródúil. Cuireann sé béim ar chothroime agus ar chóir a sochaí agus cuimsítear an grá atá acu ar chúrsaí intinne, a n-oscailteacht agus a gcóras dlí iontach sna nithe a mholann sé. Léiríonn a amhra don fhear marbh a chumas mar óráidí. Stiúir sé na hAithnigh isteach sa chogadh le beartas eachtrach ionsaitheach, ach cuireann Thucydides in iúl nár lean a chomharbaí a chomhairle i gcónaí maidir leis an gcabhlach agus an chathair a chosaint agus gan iarracht a dhéanamh an impireacht a fhorbairt. De réir Thucydides, ba thuathghríosóirí santacha a chomharbaí. Fuair sé bás de bharr plá agus ba chaillteanas mór é seo do na hAithnigh sa dara bliain den chogadh agus ní raibh aon duine dá leithéid chun teacht i gcomharba air.

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i)

**(a) Dealramh ex 35**

Cur síos achomair ar Chath Iseas ina bhféadfaí na nithe seo a leanas a bheith cuimsithe: na laethanta roimhe ina ndéanann Dáirias neamhaird de chomhairle Amyntas agus bogann sé go má oscailte; an dá arm ag dul thar a chéile ar dhá thaobh Shléibhte Amanus; an chóir leighis a thugann Dáirias do chréachtaigh Alastair ag Iseas; rangú agus méideanna an dá arm ar an dá thaobh d’Abhainn Pinarus; óráid Alastair dá fhir agus a scigmhagadh maidir le sonnach adhmaid na bPeirseach; ualach thrúpaí Dháirias ar an gcliathán ar dheis chun briseadh isteach tríd an bhfarraige; fórsa tosaigh seolta amach ar an gcliathán ar chlé sna bunchnoic, faightear an bua go héasca orthu; seolann Alastar na Teasálaigh chuig a chliathán ar chlé chun tacú le Parméinión ansin; stiúrann sé Marcshlua na gCompánach in ionsaí ar an lárchlé agus tá sé cóngarach leis an áit ina bhfuil Dáirias; ní éiríonn go maith leis an bhfalang Gréagach ar dtús agus teipeann ar a leagan amach, ach éiríonn le hionsaí Alastair agus sábhálann sé iad; tá an-trioblóid ag Parméinión ar an gcliathán ar chlé, ach nuair a ritheann Dáirias ritheann na Peirsigh eile agus cuirtear an ruaig ar an arm; na hailteanna lán le corpáin; Alastar sa tóir ar Dháirias; tá an Áise Bheag uile faoi rialú Alastair anois.
(35)

**(b) Dealramh ex 15**

Tá cúirtéis Alastair do chlann Dháirias suntasach in dá eachtra: cloiseann sé iad ag caointeoireacht agus seolann sé Leonnatus isteach le rá leo nach bhfuil Dáirias marbh agus le gealladh dóibh go gcaithfear leo le meas agus le honóir. Freisin, nuair a cheapann Dáirias gurb é Hephaestion Alastar, ní éiríonn sé crosta ach geallann sé di gurb Alastar eile é Hephaestion. Ar deireadh, tugann sé adhlacadh breá ríoga do mháthair Dháirias, a fuair bás faoi choimeád.
(15)

(ii)

**(a) Dealramh ex 10**

Bhí Alastar ag iarraidh Earcail a íobairt sa Tuír. Ba ghá dó freisin an Tuír a ghabháil mar chuid dá bheartas cósta, ag buachan ar an gcabhlach Peirseach trí bhac a chur idir an cabhlach agus a gcuanta agus soláthairtí. Bheadh an Fhéiníc uile agus a fórsaí cabhlaigh suntasacha faoi rialú Alastair.
(10)

**(b) Trí phointe (10+10+10)**

Bhí an Tuír suite thart ar leathmhíle ón gcladach le ballaí ollmhóra arda. Thóg Alastar muirmhúr agus é faoi ionsaí leanúnach ó mhuintir na Tuíre. Sheol muintir na Tuíre seanlong amach agus chuir siad í trí thine, leis seo milleadh an muirmhúr agus túr léigir. Ansin thosaigh Alastar á atógáil. D'imshuí muintir na Tuíre a gcuanta agus bhain siad úsáid as diúracáin chun na Macadónaigh a choinneáil amach uathu. Chaith siad bolláin síos agus chuir siad tumairí síos chun ancairí na nGréagach a ghearradh. Rinne siaf ionsaí gan choinne ó cheann de na cuanta.
(30)

**(c) Pointe amháin (10)**

Maraíodh 8,000 de mhuintir na Tuíre. Níor maraíodh an Rí, Azemilcus agus roinnt daoine uaisle. Díoladh an 30,000 duine eile mar sclábhaithe.
(10)

(iii)

**(a) Trí argóint (9+8+8)**

Rinne Alastar iarracht a fhir a spreagadh tuilleadh trína meabhrú dóibh an méid a rinne a athair, Pilib, ar a son agus dúirt sé leo go ndearna seisean, Alastar, níos mó fós ar a son. Thug sé buanna ollmhór dóibh, roinn sé a gcruatan agus a ngortuithe leo, thug sé an-luaíocht dóibh agus níor iarr sé riamh orthu rud a dhéanamh nach ndéanfadh sé féin. Bhain sé an-ghlóir agus forbairt amach dóibh. Deir sé freisin gur mhaith le haon fhear ar luach a ainm leanúint le mórchoncais seachas éirigh astu. Déanann sé iarracht freisin imní a chur orthu ós rud é gur thréig siad é agus déanann sé bagairt orthu go rachaidh sé ar aghaidh gan iad.
(25)

**(b) Dhá ghné den óráid seo (13+12)**

Labhair Coenus thar ceann na bhfear mar throid sé go cróga ag an Hyphasis. Cuireann sé in iúl nach bhfuil ach corrfhear fágtha ón líon a bhí ann ag an tús, thaistil siad achar an-fhada agus fuair go leor díobh bás nó bhí siad gortaithe. B'fhada leis na fir a mbaile agus ní throidfidh siad go maith nuair nach bhfuil siad ag troid go toilteanach. Deir sé gur chóir

d'Alastar dul abhaile agus ansin fágáil arís le trúpaí úra atá réidh le haghaidh sluaíochta. Tá na fir seo róthuirseach agus róthraochta. Ba mhaith leo a muintir a fheiceáil.
(25)

(iv) **Dhá phointe suntais ar a laghad ar gach pearsa (25,25)**

Ba í Oilimpias máthair Alastair agus bean Philib. Tháinig sí as Epirus agus bhí dúil aici i reiligiúin chultais mhistiúla. Bhí roinnt scéalta ann maidir le láimh Dé i nginiúint agus i mbreith Alastair. Ba dhuine an-cheannasach í agus bhí sí an-mhór lena mac. Tá seans ann go raibh baint aici le bás Philib. Ina dhiaidh sin chuir Alastar ina leith gur ghearr sí 'cíos ard' ar a chuid ama ina broinn ós rud é go raibh sí i gcónaí ag gearán faoi Antapataer ina litreacha chuige.

Ba í Roxane iníon dathúil Oxyartes, an ceann fine Baictriach a chosain Cloch na Sogdánach. Thit Alastar i ngrá léi agus, cé go raibh sí mar chime aige, phós sé í. Bhí mac aici leis níos déanaí nár mhair a naíonacht.

Ba ghaol le Dáirias é Bessus agus d'éalaigh sé ó Ghágaiméala leis. Meastar go raibh sé freagrach as bás Dháirias agus ghlac sé ceannaireacht ar na Peirsigh. Ina dhiaidh sin rinne a fhir féin feall air agus ghabh Alastar é. Cháin Airrianas go mór an chaoi ar phléigh Alastar leis. Deir sé go raibh sé barbarach.

Ba é Parméinión an ginearál ab fhearr a bhí ag Alastar. Bhí sé ar fiannas faoi Philip agus bhí a bheirt mhac, Niocánór agus Fiolótas, ina gceannasaithe tábhachtacha freisin. Thairg sé comhairle d'Alastar roinnt uaireanta ach níor ghlac Alastar leis an gcomhairle seo (an Granicus; litir Dháirias; rabhadh maidir le Pilib an dochtúir). Ar deireadh shocraigh Alastar a fheallmharú nuair a ceapadh nár chuir a mhac Fiolótas é ar an eolas maidir le comhcheilg ar a bheatha.

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

### (i) Trí phointe (17+17+16)

Óna dhánta, is léir gur fear an-phaiseanta é Catullus le mothúcháin láidre. Is fear é atá foircneach ina mhothúcháin, tá grá agus fuath aige ar rudaí go paiseanta. Feicimid a acmhainn grinn in *Evening With Licinius* agus tá sé lách freisin mar a fheicimid in *To Cicero*. Léiríonn *Consolation, Same* agus *At a Brother's Grave* go bhfuil sé an-íogair agus an-bháúil. Tá suim aige sa ghrá agus sa chairdeas, is léir gur duine ionraic agus dílis é.
(50)

(ii)

**(a) Dealramh ex 35**

Tharla an chuairt ar Pozzuoli in 45 R.Ch. Tháinig Caesar le 2,000 saighdiúir. Chaith sé an mhaidin ag déanamh cuntasaíochta agus ansin chuaigh sé ar siúlóid ar an gcladach. Ansin bhí folcadh aige agus chuala sé píosa nuachta faoi Mamurra (oifigeach sinsearach). Réitigh sé é féin go cúramach ("careful toilet") agus ansin tháinig sé chuig an dinnéar. Bhí sé ag tógáil cúrsa d'urlacain (drugaí a spreagann duine chun cur amach) agus mar sin d'ith sé a lán só-bhia. Ba bhéile pléisiúrtha é agus bhí go leor plé suimiúil ann. Tugadh aire mhaith do na fir ab umhaile fiú; caitheadh go han-mhaith leis na fir shinsearacha. Labhraíodh den chuid is mó faoi chúrsaí litríochta agus bhain Caesar an-taitneamh as.
(35)

**(b) Dhá phointe (8+7)**

Léiríonn an litir caidreamh míshuaimhneach. Is léir go bhfuil faoiseamh ar Chicearó gur éirigh go maith leis an gcuairt. Tá an chuma air go bhfuil sé sásta nár tharla aon rud gránna. Deir sé nár pléadh aon rud dáiríre ar chor ar bith agus nár smaoinigh sé ceist a chur ar Chaesar teacht ar ais arís, bhí dóthain i gcuairt amháin nó "buannacht.... cholúil" uaidh.
(15)

(iii)

**(a) Dhá phointe (13+12)**

Níor chaith Caesar go maith leis na foghlaithe mara. Dúirt sé leo nach raibh siad ag lorg airgead fuascailte ard go leor. Dúirt sé leo fanacht ina dtost agus é ag obair agus thug sé orduithe dóibh. Léigh sé a chuid filíochta dóibh. Dúirt sé leo go gcuirfí chun a mbáis iad nuair a d'éalódh sé uathu.

(25)

**(b) Pointe amháin 15**

Bhí an gobharnóir chun iad a ligean saor ar bhreab, ach chuaigh Caesar sa tóir orthu agus céasadh iad.

(15)

**(c) Pointe amháin 10**
Léiríonn an eachtra seo gur mheas daoine Caesar faoina chumas go minic, níor tógadh go dáiríre é go dtí go raibh sé ródhéanach. Léiríonn sé seo a mhuinín, fiú a dhíomas agus léiríonn sé go raibh sé an-tiomanta agus nach ndearna sé bagairtí go héadrom.
(10)

(iv)

**(a) Dhá phointe (8+7)**

Bhí Caitilíne meargánta agus díomasach. Bhí sé an-chliste, ach lochtach. Fear an-chróga a bhí ann, ach bhí sé cruálach freisin. Ar an iomlán, léirítear é mar dhuine dainséarach agus mímhorálta.

(15)

**(b) Cuntas comhleanúnach 35**

Ba é Comhcheilg Chaitilíneach plean Chaitilíne chun na consail a mharú agus an Róimh a ghabháil. Bhí pleananna drámata aige chun an ghéarchéim fiachais sa Róimh a réiteach agus d'athchruinnigh sé go leor pleibeach ar a thaobh chomh maith le roinnt paitríoch míshásta. Dhaor Ciceаró é os comhair an tSeanaid agus d'imigh sé go Etruria chun dul lena fhórsaí. Shroich toscairí na Allobroges an Róimh anois agus chuaigh na comhchealgairí ar fheall siad orthu don Seanad i dteagmháil leo. Bhailigh Ciceаró na ceannairí agus mharaigh sé iad (d'ainneoin agóid a rinne Iúil Caesar). Cáineadh Caitilíne agus stiúir sé arm beag a chaill ag Pistoria. Throid sé féin go cróga anseo.
(35)

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i)
**(a) Trí phointe (14+13+13)**
Ba chara é Antaine de chuid Iúil Caesar. Rinne sé iarracht cuidiú leis a bheith ina impire agus throid sé in aghaidh a fheallmharfóirí ag Cath Fhilipe. Bhí sé ar cheann den dara triúracht le hOctáivian agus Lepidus. D'aontaigh sé le hOctáivian an impireacht a roinnt agus dul soir áit ar thit sé i ngrá le Cléópátra. Le chéile, rinne siad iarracht briseadh amach ó rialú na Róimhe agus throid siad in aghaidh Octáivian (Ágastas) i gCath Aictiam in 31 R.Ch. ach briseadh orthu sa chath sin.
(40)

**(b) Dealramh ex 10**

Fuair siad bás ós rud é gur scar siad óna chéile i rith an chatha. Nuair a chuala Cléópátra go bhfuair Antaine bás, chuir sí a lámh ina bás féin le cabhair ó chailín tí, a thug asp di. Ansin chuala Antaine, nár maraíodh, faoina bás agus mharaigh sé é féin.

(10)

(ii)
**Trí phointe (17+17+16)**
Deir Séatóinias go raibh cáil "gníomhartha dínáireacha" ar Ágastas ó bhí sé an-óg. Phioc an lucht féachana san amharclann amach é uair amháin nuair a úsáideadh an focal "ainrianta" sa

dráma. Níor shéan a chairde fiú go raibh sé tugtha don adhaltranas a dhéanamh, ach dúirt siad go ndearna sé é ar mhaithe le buntáiste polaitíochta, ionas go bhfaigheadh sé amach rúin a naimhde. Luann Antaine a phósadh deifreach le Livia. Bhuail sé léi nuair a bhí sí torrach lena fear céile ag an am. Chuir Antaine ina leith freisin gur thóg sé bean chéile iar-chonsail ó mhórdhinnéar chun dul ina luí léi agus go raibh sí i mí-eagar nuair a thóg sé ar ais í. Nuair atá sé á chosaint é féin maidir lena chaidreamh le Cléópátra, luann sé na mná uile a ndeachaigh Ágastas ina luí leo agus gan meas aige orthu. Bhí roinnt scéalta coitianta ann go ndearna cairde Ágastas seiceáil ar mhná dó mar a bhí siad ina sclábhaithe ag margadh. Bhí cuntas ann freisin maidir le mórdhinnéar mar a raibh na haíonna uile gléasta mar na déithe Oilimpeacha agus gur thug Ágastas, agus é gléasta mar Apalló, faoi gníomhartha ainriantachta.
(50)

(iii)
**Trí phointe (17+17+16)**
Ba chóir go mbeadh iarrthóirí ábalta tagairt d'ócáidí i saol Thibir chun a charachtar a léiriú. Go luath ina shaol gairme ba shaighdiúir agus riarthóir breá é. Nuair a bhí sé ina impire thug sé faoina dhualgais go maith. Ach d'éirigh sé suarach agus santach ina dhiaidh sin. Throid sé le Drusus, a dheartháir agus le Livia, a mháthair. Ní raibh sé i láthair ag a sochraid, fiú. Ní raibh Tibir ceanúil lena mhac, Drusus. Chreid roinnt gurb é ba chúis le nimhiú Ghearmánacas. Bhí sé cruálach lena bhean chéile Agrippina agus lena páistí. Is léir go ndeachaigh a charachtar chun olcais de réir mar a d'imigh an t-am thart. D'ordaigh sé céasadh agus bású go leor daoine. Bhí sé paranóideach agus bhí fuath ag daoine air. D'fhág sé le haghaidh Capri; áit ar ghlac sé páirt i gcleachtaí gnéis amhrasacha. Ceiliúradh a bhás sa Róimh.
(50)

(iv) **Dhá phointe suntais ar bith maidir le gach ceann den bheirt phearsan roghnaithe.**

Ba í Livia máthair Thibir agus bean chéile Ágastas. Bhí sí ag súil le páiste le Tibir nuair a bhuail Ágastas léi agus fuair sí colscaradh óna fear céile. Ba bhean chumhachtach í agus bhí an-tionchar aici ar a fear céile agus ar a mac ar feadh tamaill. Ach níos déanaí d'iompaigh sé ina coinne.

(25)

Ba í Cléópátra an chéad mháistreás a bhí ag Caesar agus bhunaigh sé í ar choróin na hÉigipte. Níos déanaí ba mháistreás í de chuid Antaine agus máthair a pháistí. Le hAntaine, rinne sí iarracht impire thoir a bhí neamhspleách ón Róimh a bhunú. Tar éis Chath Actium chuir sí a lámh ina bás féin.

(25)

Ba í Agrippina bean chéile Ghearmánacas agus máthair Caligula. Rinne sí namhaid as Tibir a rinne géarleanúint uirthi agus ar a páistí agus a spreag í chun í féin a mharú in 19 AD.

(25)

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i)

**(a) Dealramh ex 15**

Rinneadh Rí na Téibhe d'Éideapús mar gur shroich sé an áit nuair a bhí an Sfioncs ag déanamh géarleanúint ar mhuintir na Téibhe trí dhubhfhocail a thabhairt do na fir lena réiteach. Nuair a theip ar gach fear, maraíodh é. Ach cuireann Éideapús é féin chun tosaigh agus réitíonn sé an dubhfhocal "cén créatúr a bhfuil dhá, trí agus ceithre chos aige, ach atá níos láidre le dhá chois". Is é an duine an freagra. Bhí muintir na Téibhe chomh buíoch sin dó gur iarr siad air a bheith ina rí orthu.

(15)

**(b) Trí phointe (12+12+11)**

Tá an-ghrá ag muintir na Téibhe dó agus glaonn siad "an chéad i measc fear" air. Caitheann sé leo mar athair agus cuireann a bhfulaingt isteach go mór air. Tá sé sásta aon rud a dhéanamh chun a gcuid fadhbanna a réiteach agus tá sé mífhoighneach i dtaobh deireadh a chur lena bpian. Tá sé ag iarraidh gach rud a phlé go hoscailte os a gcomhair ionas go mbeadh lánmhuinín acu as. Don leith eile, eisean, i ngan fhios dó, ba chúis leis an bplá agus "truailliú" na cathrach, bheadh sé seo ina phointe bailí freisin.

(35)

(ii)

**(a) Dealramh ex 15**

Tugann Créón scéal a mheastar gur nuacht mhaith í. Dúirt Apalló leis go gcaithfidh an Téibh fáil réidh le truailliú an dhúnmharfóra Laius atá ina measc chun deireadh a chur leis an bplá.

(15)

**(b) Dealramh ex 15**

Dúradh le Laius agus Jocasta go mbeadh a leanbh ina chúis le bás Laius agus gur chóir fáil réidh leis. Lean siad an chomhairle seo agus thug siad an leanbh d'aoire ionas go bhfágfadh sé ar Shliabh Cithaeron é.

(15)

**(c) Dhá phointe (10+10)**

Chuala Éideapús ag féasta nárbh iad a thuismitheoirí a fhíorthuismitheoirí. Shéan siad é seo, ach níor chreid sé iad agus mar sin chuaigh sé chuig oracal Apalló ag Deilfe. Dúradh leis anseo go luífeadh sé lena mháthair agus go maródh sé a athair. Ritheann sé chomh fada agus is féidir leis ón gCoraint dá bharr agus sroicheann sé an Téibh mar a réitíonn sé dubhfhocal an Sfioncs.
(20)

(iii)

**(a) Dhá chúis (13+12)**

Meabhraíonn Méidé d'Iasón gur shábháil sí a bheatha agus go ndeara sí laoch as agus é ag lorg Lomra an Óir. Cuireann sí in iúl dó nach mbeadh sé ábalta é sin a bhaint amach gan cabhair uaithi. Ar son a cuidithe rinne sé feall uirthi trína tréigean i bhfabhar bhanphrionsa na Corainte gan aon teach ná muintir le brath orthu.

(25)

**(b) Dhá chúis (13+12)**

Cosnaíonn Iasón é féin trína rá gur mar gheall ar Afraidíté gur thit Méidé go paiseanta i ngrá leis agus gur chabhraigh sí leis. Deir sé go raibh an t-ádh uirthi gur thóg sé í ó thír barbarach go háit shibhialta (an Ghréig) mar a n-éireodh sí cáiliúil. Deir sé freisin go bhfuil a phósadh ar mhaithe leis an teaghlach ar fad, seachas a shásamh féin.
(25)

(iv)

**(a) Trí phointe (12+12+11)**

Tarlaíonn an teagmháil deiridh le Méidé i gcarbad (a thug na déithe) ar dhíon an pháláis. In éineacht léi ar an gcarbad tá coirp a mac marbh. Ritheann Iasón amach, ar dtús ní thugann sé faoi deara go bhfuil na buachaillí marbh. Tá sé an-chorraithe agus ligeann sé uaill as go gcaithfeadh sí bheith ina hainmhí chun a leithéid a dhéanamh. Áitíonn sé uirthi cead a bheith aige lámh a leagan ar a mhic agus iad a adhlacadh ach fanann sí socair agus ciúin. Deir sí leis nach bhfuil cead aige lámh a leagan orthu fiú, gurb eisean cúis a mbáis agus go bhfuil sí ag fágáil le haghaidh na hAithne agus go n-adhlacfaidh sí féin iad ansin. Ansin tuarann sí a bhás.

(35)

**(b) Dealramh ex 15**

Is féidir le hiarrthóirí ceachtar den dá fhreagra a thabhairt. Má deir siad go bhfuil críoch sásúil leis, d'fhéadfaidís tionchar drámata dhíoltas Mhéidé a lua agus gur críoch an-tubaisteach ach éifeachtach é don dráma nach mbíonn aon iarmhairt uirthi ach go

bhfulaingíonn Iasón. Má deir siad go bhfuil críoch míshásúil leis, d'fhéadfaí a lua go bhfuil an críoch an-éagórach sa chaoi go bhfuil na buachaillí marbh agus nach ngearrtar aon phionós ar a máthair a mharaigh iad agus go n-éiríonn léi éalú.
(15)

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

(i)

**(a) Trí ghné den scéal (14+13+13)**

Tar éis d'Aeólas mála na ngaoth a thabhairt d'Odaiséas, nuair a bhí siad ag seoladh ar ais go Ithaca, thit Odaiséas ina chodladh nuair a bhí an t-oileán le feiceáil. Cheap na fir go raibh bronntanas faighte ag Odaiséas ó Aeólas agus go raibh sé á choinneáil uathu. D'oscail siad an mála agus séideadh iad díreach ar ais go dtí an tSicil. Nuair a tháinig siad ar ais go hAeólas, bhí an-fhearg air leo agus shíl sé nach raibh siad i bhfabhar na ndéithe. Mar gheall air seo, d'fhág sé slán leo gan aon rud a thabhairt dóibh.

(40)

**(b) Dealramh ex 10**

Féadfaidh iarrthóirí Odaiséas a roghnú mar gur thit sé ina chodladh nuair ná mhór dó a bheith aireach agus go raibh sé rórúnmhar lena bhfir agus nach raibh muinín acu as. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaidís na fir leibidínteachta nár chuir muinín in Odaiséas agus a d'oscail mála na ngaoth a roghnú. Tá an dá cheann bailí.
(10)

(ii)

**(a) Trí phointe (12+12+11)**

Tosaíonn an Cath sa Halla le hiarracht rathúil Odaiséis chun sreang a chur ar an dronn agus é a chur tríd an 12 thua. Chuir an bacach (ach is Odaiséas é, i ndáiríre) sreang leis an dronn agus chuir sé saighead tríd an 12 thua. Go díreach ina dhiaidh sin, maraíonn sé Antinous, duine de cheannairí na Suiríoch. Bhí rírá sa halla agus d'iompaigh na Suirígh ar Odaiséas, ach dúirt sé leo go mbainfeadh sé díoltas amach mar gheall ar a gcuid iompraíochta. Déanann Eurymachus iarracht an milleán a chur ar Antinous atá marbh, ach ní aontaíonn sé leis seo ar chor ar bith, fiú nuair a thairgtear breabanna dó. Tugann Eurymachus fogha faoi Odaiséas ach maraíonn Odaiséas é. Nuair a dhéanann an chéad Suiríoch eile ionsaí, maraíonn Telemachus é agus téann sé sa tóir ar thuilleadh arm. Nuair nach bhfuil aon saighead fágtha aige, úsáideann Odaiséas dhá shleá. Ach éiríonn leis an aoire gabhar gránna, Melanthius, teacht ar airm fholaithe na Suiríoch agus faigheann sé iad. Admhaíonn Telemachus go ndearna sé dearmad an doras a chur faoi ghlas. Beireann Eumaeus ar

Melanthius agus crochtar é. Tagann Aitéiné isteach sa halla arís agus í faoi cheilt mar Mentor. Béiceann na Suirígh uirthi. Tugann Aitéiné muinín d'Odaiséas agus tagann fearg an domhain air. Tosaíonn eisean agus Telemachus leis an troid arís. Eitlíonn sí suas agus í ina fáinleog. Déanann sí cinnte nach n-éiríonn le saighid na Suiríoch agus go n-éiríonn go sármhaith le hOdaiséas, Eumaeus agus Telemachus. Sa deireadh tá na Suirígh cosúil le bólacht cráite le creabhar. Tá Odaiséas agus Telemachus cosúil le bultúir agus ní spárálann siad anam, fiú an sagart. Labhraíonn Telemachus amach ar son an cheoltóra, áfach. Tá an t-urlár dearg le fuil agus tá na Suirígh ag carnadh ar nós gabháil éisc. Tá Odaiséas cosúil le leon, dearg le fuil.

(35)

**(b) Dealramh ex 15**

An freagra is éasca ná gur thuill na suirígh a gcuid pionóis (féadfaidh iarrthóirí na nithe seo a leanas a lua: a n-iompraíocht mhadrúil sa phálás, a saint agus an chaoi ar ghlac siad le bia agus fíon ar nós seadán, a leisce agus an chaoi ar thóg siad na cailíní tí mar leannáin; an cur chuige creachach i dtaobh Phéinealaipé agus pleananna á ndéanamh acu chun a mac a mharú; a mbromántacht agus an chaoi ar chaith siad go foréigneach le hOdaiséas nuair a bhí sé gléasta mar bhacach.) Ach más rud é go raibh siad ag iarraidh a rá nár thuill siad a gcuid pionóis, d'fhéadfaidís an argóint a dhéanamh gur spreag Péinealaipé iad chun fanacht ag an bpálás ós rud é nár roghnaigh sí fear céile óna measc.

(15)

(iii)

**Trí phointe (17+17+16)**

Sa chéad leath den dráma Aeinéid is é seo a leanas an pháirt a d'imir Véineas: Is í máthair an laoich Aeinéas í agus i Leabhar 1 téann sí go hIúpatar agus í feargach agus trí chéile. Iarrann sí ar Iúpatar cén fáth nár tugadh cead d'Aeinéas a chinniúint thuartha a bhaint amach. Míníonn Iúpatar gach rud di maidir lena thodhchaí agus todhchaí na Róimhe. Buaileann Aeinéas léi, agus í i riocht bansealgaire Corantach. Tugann sí treoracha isteach chuig an gcathair dó agus insíonn sí dó faoi Dhíodó. Tá fearg air go bhfuil sí faoi cheilt. Ina dhiaidh sin imríonn sí cleas chun stop a chur le tionchar a bheith ag Iúnó ar Dhíodó i gcoinne a mic. Cuireann sí Cúipid ann chun go ndéanfadh sé Díodó a ghalrú le grá dúghafa d'Aeinéas ionas nach ngortódh sí é. I gcuntas Aeinéas maidir le titim na Traí, buaileann sí lena mac agus deir sí leis gan Héilin a mharú, cé gur mhaith leis é sin a dhéanamh. Míníonn sí dó go bhfuil cinneadh déanta ag na déithe maidir le titim na cathrach agus taispeánann sí é seo dó taobh thiar de chaille. Deir sí leis go gcaithfidh sé rith ón áit. Ansin glacann sí páirt i gcomhcheilg de chuid Iúnó go bpósfadh an bheirt acu, cé go bhfuil a fhios aici nach n-oibreoidh sé seo. Nuair a shroicheann Aeinéas an Iodáil agus drochmhisneach air maidir le treoracha na Sibil go bhfuil air craobh órga a aimsiú sa choill chun dul sa Domhan Thíos, seolann sí dhá cholm chun é a threorú chuig an áit a bhfuil an chraobh ag fás.

(50)

(iv)

**(a) Trí phointe (12+12+11)**

Ritheann Aeinéas ar ais chuig a chlann, mar go gcuireann bás Priam a athar i gcuimhne dó. Diúltaíonn a athar don Traí a fhágáil agus deir sé leis go gcaithfidh sé imeacht gan é, ach ní dhéanfaidh Aeinéas é seo. Imíonn sé chun a armúr a chur air arís agus chun dul sa chath agus bás a fháil ach impíonn Creusa air fanacht agus a chlann féin a chosaint. Ansin tugann na déithe comhartha agus téann gruaig Ascanius/Iulus trí thine ach ní dhónn sí. Gabhann Anchises buíochas leis na déithe agus iarrann sé deimhniú orthu. Ansin feictear cóiméad taobh thiar de Shliabh Ida. Imíonn siad ansin, iompaíonn Aeinéas a athar ar a dhroim agus íomhánna na ndéithe Traíoch ina cheann. Tá greim láimhe aige ar a mhac óg agus leanann Creusa iad, ach tagann taom scaoill ar Aeinéas agus ritheann sé, é i bhfad níos neirbhísí ná mar a bhí sé gan a chlann leis. Fágtar Creusa ina ndiaidh agus cailltear í. Filleann sé ar an tslí a lean sé isteach sa chathair atá trí thine ach buaileann sé lena taibhse. Déanann sé iarracht barróg a thabhairt di ach ní éiríonn leis.

(35)

**(b) Dealramh ex 15**

Deir taibhse Chreusa le hAeinéas gan dobrón a bheith air ina diaidh. Níor mhaith léi maireachtáil agus an Traí ina fothracha. Deir sí leis go bhfuil sé ceaptha talamh nua a aimsiú san iarthar agus go mbeidh brídeog eachtrach aige. Iarann sé air aire mhaith a thabhairt dá mac agus a chinniúint a leanúint.
(15)

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i)

**(a) Cur síos ar na huafáis agus ar na harrachtaí araon. (18+17)**

Agus é ag dul go dtí an Domhan Thíos, buaileann Aeinéas ar dtús le spioraid ceinteár, na gorgoine, Briareus agus eile.... ag an mbealach isteach. Tarraingíonn sé a chlaíomh amach ach deir an tSibil leis nach bhfuil iontu ach spioraid. D'fhéadfaí Charon a chur san áireamh anseo ós rud é go ndéantar cur síos uafásach air. D'fhéadfaí seascainn shalacha, bhréana an Cocytus a chur san áireamh freisin. An chéad uafás eile ná an cú le trí cheann, Ceirbearas. Ina dhiaidh seo, cé nach dtéann sé isteach sa Domhan Thíos, cloiseann sé na screadacha agus pléascanna á mbaint as lasca, insíonn an tSibil dó faoi Tisiphone na Feirge, caomhnóir an bhealaigh isteach. Cloiseann sé faoi na cionta uafásacha agus na pionóis oiriúnacha a ghabhann leo.

(35)

**(b) Dealramh ex 15**

Míníonn sí gurb iad seo na hanamacha bochta nár cuireadh i gcré na cille agus gur mhaith leo an Stiocs a thrasnú chun dul sa Domhan Thíos ach nach féidir leo. Caithfidh siad fanacht ar fán ar feadh breis agus 100 bliain agus ina dhiaidh sin tabharfaidh Charon trasna na habhann iad.
(15)

(ii)

**(a) Dhá phointe (5+5)**
Iarrann Proipeirtias ar a ghrá cuairt a thabhairt air níos minice. Iarrann sé ar Calvus agus Catullus freisin ligean dó filíocht iontach a scríobh ionas go mbeidh an-cháil ar a ghrá.
(10)

**(b) Dealramh ex 10**
Ón dán seo, tá sé soiléir go bhfuil Proipeirtias dúghafa leis an ngrá, ach nach dtugann sé pléisiúr dó i gcónaí, go minic tá sé cráite leis. Is léir dúinn freisin go bhfuil an grá agus próiseas scríbhneoireachta na filíochta nasctha go dlúth le chéile.
(10)

**(c) Dhá phointe (15+15)**

Cé gurb í Sointia grá a chroí agus go bhfuil sé dúghafa léi, ní fhéadfar a rá go dtugann an grá seo suaimhneas dó. Tá sé cineál céasta lena mhearghrá le Sointia agus tá a ghrá an-rachtúil, foréigneach fiú. Tá sé seo soiléir sa dán Sointia, ina ndéanann sé bagairt uirthi, labhraíonn sé faoi ionsaí a dhéanamh uirthi, ag fágáil ballbhrú. Léiríonn an dán seo an chaoi a dteastaíonn sí uaidh agus a chuid neamhdhiongbháilteachta, tá eagla air roimh an mbás agus braitheann sé uirthi don chompord. Léiríonn an fhilíocht freisin go bhfuil sé ite ag an éad ina leith (tá sé sásta go mbeidh sí i bhfad ó fhir eile sa tír), agus tá eagla air i gcónaí nach bhfanfaidh sí dílis dó. Tá a dhán bróin fúithi an-ghruama, ach ní fhéadfaí a rá gur cúis áthais dó a ghrá di.
(30)

(iii)

**(a) Trí phointe (10+10+10)**

Buaileann Horáit leis an Leadránaí agus é amuigh ag siúl ar an mBealach Coisricthe. Tá sé ag cumadh dáin nuair a thugann strainséir beannú croíúil dó. Croitheann sé a lámh agus ansin ní imeoidh sé. Deir an Leadránaí gur “intleachtóir” é agus in ainneoin iarrachtaí Horáit, leanann an Leadránaí ag siúl leis fiú nuair a thugann sé faoi deara go bhfuil Horáit ag iarraidh éalú uaidh. Smaoiníonn Horáit faoi chara leis, Bolanus, fear le spadhar uafásach, agus ba bhreá leis bheith ar an meon céanna leis. Déanann sé iarracht lag áitiú ar an Leadránaí dul áit éigin eile trína rá leis go bhfuil turas fada roimhe chun cuairt a thabhairt ar chara atá tinn. Ansin

geallann an Leadránaí dó go mbeadh sé ina chara iontach dó, scríobhann sé filíocht, damhsaíonn sé agus canann sé go hálainn. Mar iarracht deiridh, iarrann Horáit air nach bhfuil aon duine ag fanacht air sa bhaile ach deir an Leadránaí go bhfuil siad go léir "curtha" aige. Ceapann Horáit go bhfuil an t-ádh orthu agus ansin fanann sé go dtí go gcuireann an Leadránaí deireadh leis féin.
(30)

**(b) Dealramh ex 10**

Seo a leanas na cúiseanna grinn a bhaineann leis: an cur síos ar phostúlacht uafásach an Leadránaí a shíleann go gceapfaidh Horáit gur duine iontach é agus an bealach nach nglacann sé leis an leid gur mhaith le Horáit a bheith leis féin. Freisin tá greann ag baint leis an gcur síos a dhéanann Horáit air féin mar asal lena chluasa thíos, doirbh agus dóite de chúrsaí. Tá sé greannmhar freisin nuair a áitíonn sé gur mharaigh an Leadránaí gach duine agus go bhfuil sé ag fanacht anois go dtí go ndéanfaidh sé an rud céanna leis féin. Ceann ar bith sásúil.
(10)

**(c) Dealramh ex 10**

Léiríonn an dán dúinn gur fearr ciúin é Horáit (b'fhéidir róbhéasach) agus nach mbíonn fearg air cosúil lena chara Bolanus. Is léir dúinn go bhfuil acmhainn grinn san fhile agus go bhfuil sé in ann magadh faoi féin agus é i gcúinsí sóisialta ciotacha. (10)

(iv)

**(a) Dealramh ex 15**

Deir Livias go raibh scaoill sa Róimh mar gur stiúradh an t-arm taobh amuigh den chathair agus go raibh siad ag campáil in aice láithreach ag an Sliabh Coisricthe. Bhí caint ann maidir le héirí amach agus na consail a mharú ach ní dhearna siad é seo. Ina áit sin, d'fhan siad ansin, ach ní raibh a fhios ag muintir na cathrach céard a bhí chun tarlú. Bhí amhras ar gach duine faoi gach duine eile, cheap na gnáthdhaoine go raibh an Seanad chun iad a ionsaí. Cheap na Seanadóirí go ndéanfadh na gnáthdhaoine ionsaí orthusan. Bhí eagla ar gach duine roimh an arm taobh amuigh de na ballaí. Céard a tharlódh dá mbeadh cogadh eachtrach ann?

(15)

**(b) Dhá phointe (13+12)**
Seoladh Menenius Agrippa amach mar thoscaire ón Seanad chuig na Gnáthdhaoine. Bhí deis a labhartha aige agus ba ghnáthdhuine é ó dhúchas. Úsáideann sé scéal maidir le ceannairc a dhéanann an corp in aghaidh an bhoilg mar go bhfuair an bolg an bia ar fad agus go raibh sé leisciúil. Ach nuair a bhí an bolg stiúgtha leis an ocras, d'éirigh an chuid eile den chorp níos laige agus níos laige agus faoi dheireadh thug an corp faoi deara go bhfuil ról ag gach ball den chorp (nó den tsochaí). Baineadh comhréiteach amach arís.
(25)

**(c) Dealramh ex 10**

Dheonaigh an Seanad go mbeadh a ngiúistísí féin ag na saoránaigh agus go mbeadh lánchosaint acu agus go dtógfaidís an cás ar son na ndaoine in aghaidh na gconsal dá mbeadh cúis leis. Níor mhór do na daoine sa chúig threabhann seo a bheith ón aicme phleibeach.
(10)

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i)

**(a) (10+5) An Stoa Attalus atá lonnaithe san Agora san Aithin. (15)**

**(b) (5+8 agus 5+7)**

Níl patrún ag baint leis an Ord Dórach agus tá sé leathan go leor dá ard. Níl aon bhun air agus suíonn an seafta go díreach ar an tstíleabáit. Tá cuisliú ar an seafta le pointí géara. Níl patrún ar na mullaigh colúin, agus is abacas i gcruth cearnóige agus eichne i gcruth cúisín atá iontu. Feictear imchásáil gan phatrún thuas agus is fríos atá ann le meatóip agus triglifí. Tá an tOrd Iónach níos cúinge dá ard le cuisliú le bandaí caola seachas pointí. Tá seafta an cholúin ar bhun agus tá an mullach colúin níos ornáidí i bhfoirm cuairscí. Tá an imchásáil roinnte i dtrí bhanda agus feictear fríos leanúnach thuas, gan patrún nó ornáidithe le dealbha.
(25)

**(c) Pointe amháin 10**
Ba é an fheidhm a bhí le stoa ná áit chlúdaithe a chur ar fáil in aice leis an agora ina bhféadfadh daoine bualadh le chéile faoin scáth agus gnó a dhéanamh ann.
(10)

(ii)

**(a) An Discobolos nó caiteoir na teisce (10)**
**(b) Myron (10)**
**(c) Baineann sí le tréimhse na Luathré Clasaicí idir 480 agus 450 R.Ch. (10)**
**(d) Dhá ghné (10+10)**
Gnéithe tipiciúla ná léiriú comhordaithe agus beacht ar fhíor an duine; an t-idéalachas agus gluaiseacht ar fionraí; an tástáil nua le staidiúir; stáidiúlacht agus cothromaíocht san fhíor; nádúrthacht sna matáin; léiriú ar nóiméad áirithe atá caite, “gluaiseacht bhactha” reoite go drámata.
(20)

(iii)

**(a) Is Karyatid é seo. (10)**

**(b) Is ón bpóirse ó theas den Erechtheion ar an acrapolas Aithneach é (10)**

**(c) Baineann sé leis an ré ardchlasaiceach, an dara leath den $5^{ú}$ haois R.Ch. (10)**

**(d) Dhá ghné (10+10)**
D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh: an staidiúir ag glacadh suaimhnis, leis an gcuid is mó den mheáchan ar aon chois amháin (contraposto); an anatamaíocht réadúil, an éadaitheoireacht throm álainn, i bhfillteacha sómasacha timpeall na coime agus idir na cosa, fairsing na héadaitheoireachta, ach mar sin féin an bealach a léirítear an fhíor go fóill, mórgacht agus ríúlacht na fíorach-an-tipiciúil don tréimhse seo agus an bealach cliste a chuireann an ghruaig i bhfí le neart mhuineál na fíorach.
(20)

(iv)

**(a) The Mourning Athena (10)**
**(b) Dealramh ex 15**

Is éard atá i ceist le dealbhóireacht mhóideach ná dealbh nach bhfuil ina saorsheasamh, seasann sí amach óna cúlra, ach tá sí fós ceangailte leis.

(15)

**(c) Dealramh ex 15**

Seo fíor an-simplí de bhandia ag claonadh ar a sleá. Is radharc trí cheathrú dá fíor é, claonta beagán i dtreo an bhreathnóra. Léirítear a *peplos* i bhfillteacha glana nach bhfuil gáifeach agus breathnaíonn a ceann, faoi ualach an chlogaid mhóir, síos go brónach. Léirítear a lámh le greim ar an sleá go héadrom agus tá a lámh eile ar a cromán. Tá cuma "mhórgacht chiúin" uirthi. Dhéanfadh dhá cheann ar bith díobh seo cúis

(15)

**(d) Thiocfaí uirthi seo i sanctóir teampaill.** (10)

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i)

**(a) Trí phointe (12+12+11)**

Deir Sócraitéas gurb é an phríomhdhifríocht idir fir agus mná breith leanaí, ach nár chóir go gcuirfeadh sé seo isteach orthu go leor de na poist chéanna a dhéanamh. Tugann sé sampla de mhadraí fireanna agus baineanna, a oibríonn araon mar mhadraí cosanta. Deir sé áfach go bhfuil roinnt post ann ar féidir le fear tabhairt fúthu níos fearr ná bean. Deir sé gur chóir do mhná lánoideachas a fháil agus cuir leis an stát. Deir sé má deirtear nach bhfuil mná agus fir in ann tabhairt faoi na poist chéanna go bhfuil sé sin cosúil le rá nach féidir le fir mhaola agus fir le gruaig fhada na poist chéanna a dhéanamh. Dá bhrí sin níl na difríochtaí idir fir agus mná ábhartha maidir le feidhmiú formhór na bpost.

(35)

**(b) Dealramh ex 15**

Is dócha go n-aontóidh an chuid is mó de na hiarrthóirí agus go n-úsáidfidh siad samplaí de phoist a dhéanann mná go rathúil na laethanta seo, polaiteoirí, dlíodóirí, dochtúirí... etc. Níl bac inscne le mórán post anois ar chor ar bith, seachas poist lena mbaineann neart láidir fisiceach. Is leor dhá chúis/léiriú den phrionsabal seo.
(15)

(ii)

**(a) Dhá chineál (8+7)**

Ba mhaith le Sócraitéas cosc a chur ar na scéalta seo a leanas: scéalta nach dtugann dea-léiriú ar na déithe, i.e. ag insint bréige, ag déanamh caimiléireachta, ag imirt cluichí claonachan ar dhaoine nó ag caitheamh leo go cruálach nó go héagórach (bheadh roinnt mhaith d'Hóiméar i gceist anseo). Scéalta freisin nach dtugann dea-léiriú ar an laoch, i.e. cuma mheatha nó eagla ar an laoch. Níor chóir do laochra caimiléireacht a dhéanamh ná rud a ghoideadh riamh agus níor chóir duais a thabhairt ar son gníomhartha oilc. Níor chóir laochra a thaispeáint riamh agus eagla orthu roimh an mbás. Níor chóir cur síos a dhéanamh ar an Domhan Thíos mar dhrocháit nó áit leadránach, níor chóir go mbeadh an iomarca bróin don té atá marbh agus níor chóir go mbeadh aon laoch ná eiseamláire riamh ag gáire go hainmheasartha.

(15)

**(b) Dhá phointe (13+12)**

Déanann na scéalta seo dochar do pháistí mar de réir Shócraitéas, baineann oideachas go dlúth le múnlú carachtair. Dá bhrí sin ba chóir go ndéanfadh gach sampla os a gcomhair iarracht carachtar uasal agus cóir a chruthú, agus níor chóir ach na caighdeáin mhorálta is airde a chur i láthair na leanaí óga. Tá sé éasca rudaí a chur ina luí ar leanaí agus fanann nithe a fhoghlaimíonn siad nuair a bhíonn siad óg leo agus mar sin níos chóir ach samplaí den rud

atá uasal agus dílis a thabhairt dóibh ag an aois seo. Má thugtar scéalta dóibh faoi dhéithe agus laochra i mbun drochiompraíochta, ceapfaidh siad go nglacfar leis an gcéanna. Mar an gcéanna, níor chóir dóibh fás aníos agus eagla orthu roimh an mbás.
(25)

**(c) Dealramh ex 10**

Féadfaidh na hiarrthóirí aontú nó easaontú le hábhar na ceiste. Féadfaidh siad aontú le cé chomh héasca is atá sé rudaí a chur ina luí ar leanaí agus b'fhéidir fás an fhoréigin a lua atá nasctha le scannáin fhoréigneacha agus físchluichí foréigneacha. D'fhéadfaidís freisin tionchar na n-eiseamláirí dearfacha a lua maidir le cúrsaí frithbhulaíochta a chur chun cinn i measc leanaí. Is dócha go n-easaontóidh an chuid is mó de na hiarrthóirí, áfach. D'fhéadfaidís a rá go mbeadh sé tábhachtach go gcuirfí oideachas ar leanaí ionas go dtuigfidís an domhan mar atá sé, lena fhabhtanna ar fad. Is bealach tábhachtach é scéalta chun rudaí deacra a mhíniú do leanaí agus níl an domhan foirfe ná dubh agus bán. Tá carachtair mhaithe i gcuid de na scéalta is fearr nach mbíonn dea-mhúinte i gcónaí agus tá sé tábhachtach go dtuigfeadh leanaí réadúlacht, lena n-áirítear eagla roimh an mbás chun cabhrú leo fás aníos.
(10)

(iii)

**(a) Dealramh ex 15**

Deir Sócraitéas go bhfuil sé deacair a bheith i d'fhealsamh mar nach gcuireann sochaí dhaonlathach luach ar fhealsaimh. Baineann sé úsáid as samhail an Chaptaein Mhara chun é seo a mhíniú. Deir sé go bhfuil an fhealsúnacht deacair agus go dtógann sé cuid mhór ama agus, dá bhrí sin, nár cheart do dhuine ar bith, seachas daoine eisceachtúla, staidéar a dhéanamh uirthi. Tá sé éasca fealsaimh a éilliú le dathúlacht, le hairgead, le rath cáiliúil agus le tarraingtí neamhdháiríre eile an tsaoil.

(15)

**(b) Dhá argóint (18+17)**

Is féidir úsáid a bhaint as samhail an Chaptaein Mhara agus samhail an Ainmhí Mhóir Chumhachtaigh anseo. Déanann sé an argóint go nglaonn Sofaistí fealsaimh orthu féin agus go dtarraingíonn sé seo droch-chlú ar an bhfealsúnacht. I ndáiríre, tá fíorfhealsaimh an-úsáideach go deo, ach ní bhíonn meas ag an tsochaí orthu i gcónaí mar go gcuireann an tsochaí luach leis na buanna gan tábhacht.

(35)

(iv)

**Trí phointe (17+17+16)**

An tslí mhaireachtála a leagtar síos do na Rialtóirí agus do na Saighdiúirí Cúnta ná ceann dian simplí. Níor chóir go mbeadh maoin phríobháideach acu nó aon saol teaghlaigh. Ba chóir dóibh cónaí i lóistín roinnte agus níor chóir dóibh a lámh a leagan riamh ar ór ná ar airgead. Ba chóir dóibh béiltí simplí, roinnte a ithe. Is gá iad a thástáil le linn oiliúna ionas go ndéanfaidh siad na cinntí cearta i gcónaí agus go smaoineoidh siad ar an stát i dtosach i gcónaí.

(50)

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i)

**(a) Áirse Chonstaintín (10)**

**(b) Thóg ginearáil agus impirí Rómhánacha áirsí an bhua chun a mbuanna i gcathanna a chomóradh, mar mheabhrúcháin bhuana dá n-acmhainní. (10)**

**(c) Trí ghné (10+10+10)**

Is áirse thriarach í seo agus dá bhrí sin tá sí an-mhór agus an-ornáideach. Ní raibh an cineál seo chomh coitianta leis an áirse aonair, ach bhí sé i bhfad níos coitianta ná an áirse dhúbailte. Bhí urlár áiléir fada ina bhféadfaí roinnt dealbh a chur ann ina thoradh air. Tá a lán dealbhóireacht rilífe ann, cuid de tógtha ó fhoirgnimh níos luaithe. Tá ceithre philéar balla Chorantacha ann, roinnt dealbha saorsheasaimh agus inscríbhinn.
(30)

(ii)

**(a) Tá an fear gléasta i dtoga Rómhánach. (5)**

**(b) Ós rud é go bhfuil sé gléasta i dtoga, is léir gur saoránach Rómhánach é. (10)**

**(c) Trí ghné (12+12+11)**

Ar an gcéad dul síos léiríonn sé fear ag iompar dealbha brád dá shinsir. Ba thraidisiún Rómhánach é seo. Lena chois sin, tá sé gléasta i dtoga, éadaí tipiciúla an tsaoránaigh Rómhánaigh. Ina dhiaidh sin, tá dianréalachas na n-aghaidheanna atá an-indibhidiúil tipiciúil i leith dealbha Rómhánacha, tá siad réadúil seachas idéalaithe. Tá an éadaitheoireacht fhlúirseach réadúil tipiciúil freisin i ndealbha Rómhánacha.
(35)

(iii)

**(a) Tá an pictiúr seo sa Cheathrú Stíl (10)**
**(b) Trí ghné (10+10+10)**

Is iad seo a leanas gnéithe tipiciúla na stíle seo: maisiú barócach iontach, an-mhionsaothraithe agus álainn, an-aerach agus éadrom. Ní bhíonn na radhairc seo ró-réadúil, ach cuimsíonn siad gnéithe ailtireachta iontacha amhail áirsí agus colúin le hainmhithe, fíoracha miotasacha agus bíonn neart maisiúcháin orthu. Bíonn seachmall ann go minic i dtaobh an fhada, le caol-léargas sa chúlra. Ceaptar gurb é feisteas stáitse an tionchar a bhí anseo. Léirítear ríocht na sí éigin.
(35)

**(c) Pointe amháin 10**

Ba é an cuspóir a bhí le pictiúir den sórt sin ná solas agus gleoiteacht a thabhairt isteach i seomra na dtithe Rómhánacha. Chruthaigh siad seachmall spáis agus aeir agus atmaisféar na sócúlachta agus na galántachta.
(10)

(iv)

**(a) Pointe amháin 10**

Adhradh go leor déithe sa teampall seo. Tagann a ainm ón nGréigis d'uile "pan" agus dia "theos". (10)

**(b) Thóg Haidrian an Paintéón. (10)**

**(c) Trí ghné (10+10+10)**

Sainmhínítear an taobh istigh den Phaintéón lena chruinneachán ollmhór. Tá sé ceaptha a bheith mar léiriú ar an gcosmas mar gheall ar an gcruth sféarúil a bhaineann leis. Tá cruinneachán álainn le painéil báite air agus oculus ciorclach nó oscailt chuig an spéir. Tá cuasa sna ballaí le colúin agus piléir bhalla Chorantacha agus tá veinír mharmair ar an taobh istigh ar fad.

(30)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán